# Ceacht a 1 ~ Daonáireamh 2006

## Téama
Sonraí a bhailiú
~ sonraí a eagrú agus a úsáid

## Cuspóirí
Cuirfear ar chumas an pháiste:
- roinnt fáthanna le fíricí agus figiúirí a bhailiú a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu (sonraí agus staitisticí)
- aimsiú conas is féidir sonraí a úsáid le cúnamh a thabhairt fíor fhadhbanna sa saol a réiteach agus le pleanáil don todhchaí
- sonraí/eolas a bhailiú
- sonraí a léiriú i bhfoirm éagsúla
- an próiséas bailiúcháin sonraí a phlé.

## Comhthathú agus Nascáil
**Féach Gníomhaíochtaí an Daonáirimh 2006 le liosta iomlán deiseanna comhthaithe a fháil.**

## Tascanna
- Díospóireacht ar an bpróiséas bailiúcháin sonraí
- Na céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí a chruthú
  - Gníomhaíocht a 1 – An próiséas bailiúcháin sonraí a thuiscint
  - Gníomhaíocht a 2 – Na sonraí a bhailiú
  - Gníomhaíocht a 3 – Sonraí a léiriú - blocghraf / barraghraf / graf barralíne

## Teastaíonn
- Bileoga A4 – Céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí bunaithe ar an athchúrsáil S 1.1
- Leagan de mhéid chártaí imeartha de na céimeanna thuasluaite S 1.2
- Cairt achoimre den phróiséas bailiúcháin sonraí S 1.3
- Bileoga scóir S 1.4
- Patrúin na ngraf S 1.5
  a) bloc b) barra c) barralíne

## Naisc Bhaile / Scoile
D'fhéadfaí na hacmhainní S 1.2 a fhotachóipeáil agus a chur abhaile le plé a dhéanamh ar an ábhar, mar mhíniú ar a bhfuil déanta sa rang agus freisin lena nasc le próiséas an daonáirimh a léiriú.

## Príomhtheachtaireachtaí
- Is féidir go leor fadhbanna laethúla a réiteach nó cosc a chur orthu trí shonraí a bhailiú ó dhaoine eile agus tríd na sonraí seo a úsáid le hathruithe a dhéanamh a rachaidh chun tairbhe na tíre.

## Foclóir
*Bailigh, eolas, sonraí, iarr, ceist, liosta, foirm, taifead, torthaí, réiteach, cosc, fadhb, graf, blocghraf, barrachairt, graf barralíne, léirigh…*

Is foinse shaibhir é an foclóir thuasluaite d'ábhar díospóireachta agus don obair scríofa freisin.

## Measúnú
Beidh na páistí in ann:
- Labhairt leat faoi phríomhtheachtaireachtaí sa phróiséas bailiúcháin sonraí
- an foclóir a bhaineann leis an bpróiséas seo a úsáid mar is cuí
- na céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí a chur in ord trí chur síos béil a dhéanamh orthu nó iad a tharraingt mar chairt srutha simplí
- eolas atá curtha ar fáil i bhfoirm ghraif a mhíniú.

## Pointí Airde don Mhúinteoir
Déan nóta de na páistí a bhfuil deacrachtaí faoi leith acu eolas a chur in ord agus leag béim ar seo i rannóga eile den churaclam. Tá na hacmhainní S 1.2 úsáideach lena aghaidh seo. Nóta: is féidir le páistí a bhfaigheann an ghníomhaíocht seo an-simplí úsáid a bhaint as acmhainn S 4.8 (ó Cheacht a 4) len iad a spreagadh le TEC a úsáid le graif a fhorbairt. Bheadh siad in ann freisin ansin tosú ag úsáid cairteacha i dtuairisc scríofa (Gaeilge – scríobh agus léamh de shóirt éagsúla).

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 1

## Babhta tobsmaointe

*Ar smaoinigh aon duine faoin eolas a bhailítear gach lá sa seomra ranga?*
*Cén t-eolas a bhailíonn an múinteoir?*
*Cén fáth a mbeadh an t-eolas seo ag teastáil?*
*Céard a tharlódh muna mbeadh an t-eolas seo bailithe ná taifead déanta air? Déan na deacrachtaí a d'fhéadfadh a theacht aníos.*
*Faigh amach céard iad smaointe agus tuairmí na bpáistí maidir leis seo.*

- Labhair leis na páistí maidir leis an eolas/na sonraí a d'fhéadfadh a bheith bailithe le cúnamh a thabhairt pleanáil:
  - ~ ag leibhéal an tseomra ranga
  - ~ ag leibhéal scoile
- Déan plé ar bhailiú na sonraí seo ar mhaithe le eagrú éifeachtach agus le fadhbanna a sheachaint.
- Labhair leis na páistí maidir le gnáth fhadhbanna laethúla sa seomra ranga, sa scoil agus ag leibhéal áitiúil. Tabhair deiseanna do na páistí smaoineamh ar bhealaí leis na fadhbanna seo a réiteach (díospóireacht ina mbeirteanna / i ngrúpaí).

Labhair leis na páistí faoin bhfocal SONRAÍ agus céard is brí leis i bhfoirm uimhriúil, mar shampla, lisota d'aoiseanna na bpáistí, scóir ……

## Gníomhaíocht don rang iomlán – Plé ar an Athchúrsáil

**Tá ceangal ag an ábhar seo le:**
**SESE:Eolaíocht – Aithne a chur ar an timpeallacht agus conas aire a thabhairt dó**
**OSSP: Mé féin agus an domhan timpeall orm – aire don timpeallacht.**
**Ba cheart a bheith cúramach agus an t-ábhar seo á phlé mar gheall go bhfuil tuairimí láidre i gcuid de na tithe maidir le táillí dramhaíola, fáil áitiúil ar áiseanna athchúrsála, contúirtí timpeallachta a éiríonn as mí-úsáid na n-áiseanna, &rl. Tá sé riachtanach mar sin na tuairimí agus dearcadh na bpáistí a phlé roimh aon fhorbairt a dhéanamh ar an ábhar seo.**

- Spreag na páistí le teacht suas le bealaí go bhféadfadh bailiú sonraí a bheith ina gcúnamh le fadhbanna laethúla a réiteach ina seomra ranga, sa scoil agus sa timpeallacht áitiúil.
- Tabhair fadhb do na páistí le díospóireacht ranga a dhéanamh air, mar shampla, méid na dramhaíola atá á chruthú sa bhaile/scoil/timpeallacht áitiúil. Déan na fadhbanna/deacrachtaí a éiríonn as dramhaíl as chur de láimh a phlé.
- Labhair leis na páistí maidir le bealaí leis an bhfadhb seo a réiteach agus déan liosta de na moltaí atá ag na páistí ar chlárdubh / cairt fhilteáin, mar shampla níos lú pacáistí, cuid den dramhaíl a athchúrsáil …
- Déan coincheap na hathchúrsála a fhorbairt le plé a dhéanamh ar :
  - ∗ Cén fáth go bhfuil athchúrsáil tábhachtach ?
  - ∗ Céard is féidir a athchúrsáil?
  - ∗ Céard iad na rudaí atá á athchúrsáil faoi láthair?
  - ∗ Cén chaoi go bhféadfadh muid stáisiún athchúrsála a bhunú?
  - ∗ Céard is gá dúinn a bheith ar eolas againn maidir le hathchúrsáil?
  - ∗ Conas is féidir linn daoine eile a spreagadh le hathchúrsáil a dhéanamh?
- Iarr ar na páistí smaoineamh faoin méid dramhaíola a chuirtear de láimh ina dtimpeallacht áitiúil féin. Labhair faoi na háiteanna ina gcuirtear an dramhaíl agus cén chaoi a dtéann an dramhaíl ann. Déan an dearcadh atá ag daoine go háitiúil ar an athchúrsáil a phlé ag cur dhá thaobh den

argóint san áireamh. Tabhair cuireadh do na páistí tuairim a thabhairt cén céatadán de dhaoine a dhéanann athchúrsáil ar an dramhaíl agus cé na hábhair atá á athchúrsáil go háitiúil.

### Na sonraí a bhailiú

- Déan na bealaí go bhféadfaí na sonraí seo a bhailiú a phlé leis na páistí ar mhaithe le taifead cruinn a fháil, mar shampla liosta d'ainmneacha na bpáistí a dhéanamh agus iarraidh orthu an ndéanann siad athchúrsáil ar dhramhaíl sa bhaile; bileog scóir a úsáid le taifead a dhéanamh ar ábhar atá á athchúrsáil…
- Déan plé ar na bealaí gur fearr na sonraí seo a léiriú nuair atá siad bailithe, mar shampla blocghraf, barrachairt, graf barralíne agus ag an leibhéal seo d'fhéadfaí píchairteacha a úsáid, go háirid má tá úsáid á bhaint as an ríomhaire leis na graif a chruthú.

## Gníomhaíocht a 1: An próiséas bailiúcháin sonraí a thuiscint

- Labhair leis na páistí faoin bpróiséas bailiúcháin sonraí le fáil amach céard atá ar eolas acu faoi agus bain úsáid as na cártaí leide **S 1.1** mar bhunús do thuilleadh díospóireachta. Is féidir na páistí a spreagadh leis na céimeanna a chur in ord agus plé a dhéanamh ar an méid a tharlaíonn ag gach céim.

  Céim a 1: Cuir an cheist, An ndéanann tú athchúrsáil ar an dramhaíl? Céard iad na rudaí a dhéanann tú a athchúrsáil?
  Céim a 2: Déan na sonraí a bhailiú agus a thaifead
  Céim a 3: Déan na sonraí a léiriú ar ghraif
  Céim a 4: Bain úsáid as na sonraí le fadhbanna a réiteach

### Babhta tobsmaointe

- Tar éis na díospóireachta is féidir cártaí níos lú **S 1.2** a thabhairt do pháistí aonair, do bheirteanna nó do ghrúpaí agus is féidir leo gníomhaíochtaí sa phróiséas bailiúcháin sonraí a chur in ord. D'fhéadfaidís iad a chóipeáil freisin isteach ina gcóipleabhair agus iad a úsáid do bhabhta tobsmaointe ar an ábhar ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

- Bain úsáid as **S 1.3** mar chairt le cur i gcuimhne do na páistí faoin gciorcal a bhaineann leis an bpróiséas bailiúcháin sonraí agus iad ag obair tríd na gníomhaíochtaí.

## Gníomhaíocht a 2: Na sonraí a bhailiú

An Cheist Mhór: Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu?

1. Dáil amach na bileoga scóir **(S 1.4)** ar na páistí agus taispeáin dóibh conas iad a chomhlánú.
2. Muna bhfuil scóráil déanta cheana ag na páistí taispeáin dóibh cén chaoi leis an scór a choinneáil trí fhreagraí a mharcáil i ngrúpaí de chúig (ag baint úsáide as cheithre líne ingearach agus líne amháin trasna an ghrúpa mar chúigiú ceann)

   mar shampla



3. B'fhearr go mbeadh beirt páistí ag plé leis seo in éineacht, duine ag coinneáil scóir ar chairt mhór ag an gclárdubh agus an páiste eile ag comhaireamh. Beidh an cheist pléite go mion ag na páistí eile sa rang agus beidh siad in ann na torthaí a ghlaoch amach don lucht scórála le cur leis an gcairt ar an mbord.
4. Déanann na páistí ag barr an ranga líon na bhfreagraí dearfa a scóráil taobh le gach ní ar an liosta.

5. Nuair atá gach ceann de na nithe ar an liosta scóráilte, tugtar deis do na páistí nithe a chur leis nach raibh ar an mbileog scóir b'fhéidir.
6. Faightear iomlán ansin do gach ní.
7. Is féidir leis na páistí ansin na sonraí ranga a chóipeáil ar a mbileog scóir aonair / beirte le n-úsáid le graif a chruthú.
8. Is féidir leis an díospóireacht ansin béim a leagan ar na ceisteanna ar bhun **S 1.4** nó is féidir iad a scríobh ar an gclárdubh.

## Gníomhaíocht a 3: Sonraí a léiriú

1. Nuair atá na sonraí bailithe, is féidir leis na páistí iad a léiriú i bhfoirm ghraif, mar shampla, blocghraf, barrachairt chothrománach nó ingearach …… Ag baint úsáide as na patrúin (**S 1.5 a, b agus c**) labhair leis na páistí faoi cé acu cineál graif gur mhaith leo a úsáid. Nó de rogha ar sin, is féidir leis na páistí páipéar graif a úsáid lena ngraif féin a chruthú gan aon treoir.
2. Is féidir le páistí aonair nó beirteanna cineálacha éagsúla graf a chruthú. Is féidir ansin iad seo a thaispeáint sa seomra ranga.
3. I measc na gceisteanna spéisiúla b'fhéidir go mbeadh: *Cé mhéid nithe inathchúrsáilte a bhí ar an liosta? Céard iad na nithe eile go bhféadfadh a bheith ar an liosta? Cén rud is mó / is lú a dhéantar athchúrsáil air? Aon bhfuil aon rud ann nach ndéantar athchúrsáil air? Cén fáth go gceapann tú go bhfuil sé seo amhlaidh? An gceapann tú go bhfuil pictiúr cruthaithe againn atá cruinn maidir le dramhaíl a chur de láimh / athchúrsáil i do cheantar? Céard a d'fhéadfadh muid a dhéanamh le rudaí a fheabhsú?*
4. Déan cinneadh cén chaoi go bhféadfaí na sonraí a úsáid leis an scéal sa cheantar a fheabhsú, mar shampla, cuir an t-eolas i láthair daoine eile sa scoil/sa bhaile/sa cheantar áitiúil; cuir oideachas ar dhaoine eile maidir le hathchúrsáil; tosaigh stáisiún athchúrsála sa bhaile/sa scoil; bí páirteach sa Togra Scoileanna Glasa; inis do na páistí an tábhacht a bhaineann le hathchúrsáil sa cheantar áitiúil trí phóstaeir, marcanna leabhair, bileoga eolais nó trí altanna a scríobh i nuachtlitir na scoile nó sa nuachtlitir áitiúil.

## Don Rang Iomlán

Díospóireacht ar an méid a d'fhoghlaim muid inniu

- *Cén t-eolas/sonraí a bhailítear sa seomra ranga/sa scoil?*
- *Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach eolas/sonraí a bhailiú?*
- *Cén chaoi gur féidir le bailiúchán eolais/sonraí cúnamh a thabhairt le fadhbanna a réiteach / a chosc?*
- *Lig ort go bhfuil tú ag míniú an chiorcail bhailiúcháin sonraí do dhuine ó rang eile – an féidir leat an t-ord a bhaineann leis an gciorcal a insint don duine sin? D'fhéadaidís cur i láthair a chur le chéile ar an ríomhchlár PowerPoint do rang eile.*
- *Mar ghníomhaíocht don rang iomlán cuir na cártaí ón gciorcal bailiúcháin sonraí i bhfolach agus iarr ar na páistí an chéad chéim, an dara céim .. a insint duit.*
- *Déan na bealaí gur bailíodh na sonraí sa seomra ranga a phlé le béim a leagan ar cheist/fadhb.*
- *Smaoineamh faoin úsáid gur féidir a bhaint as na sonraí atá bailithe. Dá mbeadh an staidéar le déanamh arís, cé na hathruithe gur ceart a dhéanamh? Céard a theastódh uait a dhéanamh leis an suirbhé a dhéanamh ar scála níos mó?*
- *Pléigh:*
  - *Cé na ceisteanna eile go bhféadfaí a chur san áireamh?*
  - *Cén chaoi go bhféadfaí bileog scóir a dhearadh?*
  - *Céard iad na graif is fearr a fheileann do na sonraí atá le leiriú?*

**S 1.1**

# Cuir an cheist

## Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu?

# Bailigh na sonraí agus déan iad a thaifead

# Léirigh na sonraí ar ghraif


# Bain úsáid as na sonraí le fadhbanna a réiteach

Cuir an ceist
Céard iad na
rudaí a
dhéanann tú
athchúrsáil
orthu?

Bailigh na
sonraí agus
déan iad a
thaifead

Léirigh na
sonraí ar
ghraif

Bain úsáid
as na sonraí
le fadhbanna
a réiteach


Cuir an Cheist
Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu?
Bailigh sonraí agus déan iad a thaifead
Déan anailís, próiseáil agus léiriú ar na sonraí
Déan na torthaí a mhíniú

S 1.4

# Coinnigh an Scór

Céard iad na rudaí a dhéanann

muid a athchúrsáil

*Scrúdaímis:*

| | ╲ **Scóir** **IIII** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| Páipéar | | |
| Cairtchlár | | |
| Gloine | | |
| Cannaí Alúmanaim | | |
| Plaisteach | | |
| Éadaí | | |
| Cannaí Miotail | | |
| Leabhair | | |
| | | |

- Cé mhéid rudaí a bhí ar an liosta?
- Ar chuir tú aon ábhar eile leis an liosta?
- Cén rud is mó a dhéantar athchúrsáil air i do cheantar?
- Cén rud is lú a dhéantar athchúrsáil air i do cheantar?
- Déan liosta de na rudaí in ord ón gceann is mó a dhéantar

athchúrsáil air go dtí an ceann is lú_____________________

- An bhfuil aon rudaí nach ndéantar athchúrsáil orthu? Cén fáth i do thuairim?

  _____________________________________________________________

- Cén chaoi go bhféadfaí úsáid as bhaint as an eolas seo le do cheantar a fheabhsú?

S 1.5 a

# Blocghraf

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| **Cairtchlár** | **Gloine** | **Cannaí Alúmanaim** | **Plaisteach** | **Éadaí** | **Cannaí Miotail** | **Leabhair** | **Páipéar** | | |
| Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu? | | | | | | | | | |

S 1.5 b

# Barrachairt

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | | | | | | | | | |
| 9 | | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | | | |
| 6 | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | |
| | Cairtchlár | Gloine | Cannaí Alúmanaim | Plaisteach | Éadaí | Cannaí Miotail | Leabhair | Páipéar | |

Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu?

S 1.5 c

# Graf Barralíne

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | | | | | | | | | |
| 9 | | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | | | |
| 6 | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | |
| | **Cairtchlár** | **Gloine** | **Cannaí Alúmanaim** | **Plaisteach** | **Éadaí** | **Cannaí Miotail** | **Leabhair** | **Páipéar** | |

Céard iad na rudaí a dhéanann tú athchúrsáil orthu?